1. Ciaran Cluana *mac* Nois *m* Beoaidh *m* Bolccain *m* Linneadha *m* Cuirc *m* Daigh *m* Cuinneadha *m* Cais *m* Fraoich *m* Cumhscroigh *m* Mesensuiledh *m* Erc *m* Finnerc *m* Coinerc *m* Osccair *m* Onchon *m* Neachtain *m* Athchuirb *m* Aodha gnaoi .i. fer an gaoi lethain *m* Aithblethe *m* Aidhmillte *m* Madhruadh a quo Dal Madhruadh *m* Ollaimh *m* Deaghadh *m* Eathach *m* Cuirc *m* Feargasa *m* Rosa *m* Rudhraighe.

2. Cronan *m* Beoaidh *m* Bolcain *m* Linneadha *m* Cuirc *m* Daigh *m* Cuinneadha *et cetera*. A tTigh Meic an tSaoir bói an Cronán so.

3. Donnan .i. deochain *m* Beoaid *m* Bolcain *m* Linneadha *et cetera*. A cCluain *mac* Nois bói an Donnán so amaille le Ciarán.

4. Luachaill .i. uasalshaccart *m* Beoaid *m* Bolcain *m* Linneadha *et cetera*. I nIseal Ciaráin bói an Luachall so 7 Odhrán a dhearbhrathair.

5. Lughbec inghean Beoaidh *m* Bolcain *m* Linneadha *et cetera*. A tTigh Meic an tSaoir bói an Lughbecc so 7 a dí derbhshiair oile .i. Patta 7 Raithbe 7 a n-athoir amaille ria .i. Beoaidh.

6. Odhran .i. uasalsaccart *m* Beoaidh *m* Bolcain *et cetera*.

7. Patt .i. feadb iriseach ingean Bheoaidh *m* Bolcain *et cetera*.

8. Raithbeo ingen Beoaidh *m* Bolcain *et cetera*. Feadb iriseach iside mar an ccedna.

CAP. XXIX.

DO NAOMHAIBH SLEACHTA FIR TLACHTGA MEIC FEARGHASA

1. Ailbhe Imligh Iobhair *m* Olcon *m* Ara *m* Dula *m* Laidir aradh *m* Con cuirb *m* Imrosa nithe *m* Fir tlachtga *m* Feargosa *m* Rosa *m* Rudraighe.

2. Mochuarocc [*m* Netsemain]
A nDeisibh Muman, 9 Feb.

3. Sguithin Slébe Maircce *m* Sedna *m* Treabhtaigh *m* Dula *m* Laidir aradh *et cetera*.

CAP. XXX.

DO NAOMHAIBH SLEACHTA CUIRB ULUIM MEIC FEARGOSAE

1. Brenainn Birrae *m* Nemain *m* Duibhdeochain *m* Sgeallain *m* Nazair *m* Tapoill *m* Brancon *m* Armora *m* Caithfir *m* Iomchada *m* Dubhthaigh *m* Rosac *m* Fionnchadha *m* Fiacha *m* Cais *m* Fisis *m* Airigh *m* Connla *m* Airt *m* Cuirb *m* Faoil *m* Cuirb uluim *m* Feargasa *m* Rosa *et cetera.*

2. Caómhan sanctleathan .i. o Aird Leathain *m* Talain *m* Dubhtaigh *m* Rosa *m* Fionncadha *et cetera.*

3. Criadha inghen Ernain *m* Colmain *m* Nemain *m* Duibhdeochain *m* Sgeallain *m* Nazair *et cetera.*

4. Dearuise ingen Ernáin *m* Colmain *m* Nemain *m* Duibhdeochain *m* Sgeallain *m* Nazair *et cetera.*

5. Earc Sláine .i. casbacc *m* Deaghadh *m* Branchon *m* Armora *m* Caithfir *m* Iomchadha *m* Dubhtaigh.

6. Sineach inghen Ernaine *m* Colmain *m* Nemain *m* Duibhdeochain *m* Sgeallain *m* Nazair *et cetera.*

CAP. XXXI.

DO NAOMHAIBH SLEACHTA MODHA RUITH MEIC FEARGHOSA

1. Caollaind.

An e Macallannus .i. Mochaoluinn 21 Ianair et non est hic Caollainn in Martyrologio magno.

Fech an ionann i so 7 Caoilfhionn ingen *inghen* Chaoil *m* Fionnchadha *m* Luigdhech *m* Luchda de qua in Libro de Matribus n. 85.

2. Mochuille *m* Dichuill *m* Comain *m* Deaghad *m* Baidhe *m* Colla *m* Cumscraigh *m* Firelche *m* Buain *m* Modha ruith *m* Feargasa *m* Rosa *et cetera.*

3. Molaccae *m* Duibhdlighid *m* Duibhdeochain *m* Dubcuille *m* Lachtna * *m* Colla *m* Cumscraigh *m* Firelche *m* Buain *et cetera.*

---

[1] Rectius forte Luchta ut habetur in Vita S. Molaggae Cap. 1. Fech in ar sliocht an Luchda cedna ata Lughaidh *m* Luigdeach *m* Luchda eiusque sorores Caoilfionn, Blathnet et cetera, de quibus in Libro de Matribus n. 85.

CAP. XXXII.

DO SHLIOCHT CONDRI MEIC FEARGASA

1. Curnan 7 Cronan da mhac do Shineall *m* Naidfraoich *m* Fiacha *m* Alldai *m* Cuindri *m* Fergasa *m* Rosa.

Fech Cronán *m* Sinill Cap. 26 § 5.

2. Mobaoi Malach 7 Maine tri meic ele do Shineall *m* Naidfraoich *m* Fiacha *m* Alldai.

Fech go maith ar so oir atá Cap. 26 §§ 11, 12, 5, 2 ar sliocht Conmaic *m* Fergusa Málan 7 Maine, Cronan 7 Curnan 7 Buadán mic Sinill *m* Nadfraoich *m* Fiachrach *m* Alta *m* Ogamhuin *m* Fithchuire *m* Dailbre *m* Iona *m* Cassalaigh *m* Mochda *m* Measamhuin *m* Modha taith *m* Conmuic *m* Fergusa *m* Rosa *m* Rugraighe 7 adeir Aeng. auctus gur ainm eile do Mobaoi Buadán. Mar sin as ionann iad uile.

Vide de his in Genealogia matrum Sanctorum n. 12.

CAP. XXXIII.

DO NAOMHAIBH SLEACHTA CEALTCHAIR MEIC UITHEACHAIR

1. Caomhan *m* Tacca *m* Baoith *m* Baoithgel *m* Cinnglais *m* Cealtcair *m* Uitheachair *m* Fothadh *m* Firfhileadh *m* Glais *m* Rosa *m* Rudhraighe.

2. Finden Cluana Hioraird *m* Fionnlogha *m* Fionntain *m* Concruidh *m* Dairchella *m* Senaigh *m* Diarmada *m* Aodha *m* Fergosa *m* Oilella telduibh *m* Cealtcair *m* Uitheachair *et cetera*.

2*a*. [Riognach 7 Riceann no Riceall dís deirbsethar Finnein]

CAP. XXXIV.

DO NAOMAIBH SLEACHTA EOGAIN MEIC OILEALLA OLUIM 7 CHORBMAIC CAIS

1*a*. [Beccan *m* Eoghain *m* Murchaid *m* Muiredaig *m* Diarmada *et cetera*. 26 Maij (vt videtur) o Cluain Aird Mobeccocc a Muscraighe Breoghain]

1. Becan Cluana Hiraird *m* Murchadha *m* Muireadhaigh *m* Diarmada *m* Eoghain *m* Oilella flainn bicc *m* Fiacha muilleathain *m* Eoghain moir *m* Oilealla oluim *m* Modha nuadhaid *m* Modha néd *m* Dercc *m* Dercctheneadh *m* Enna muncaoin *m* Loich moir *m* Mofebis *m* Muiredhaig muchna *m* Eathach gairb *m* Duaich dalta deaghadh *et cetera*.

Agus o Imlech Fiach a bFeruibh Cuil Breagh oir as ionann é dar lem 7 Becán *m* Cula adeir an Naoimhshenchus do beith don toig si. 5 April. vel 4 Ap.

1*b*. [Buadan *m* Eoghain *m* Murchaid *m* Muiredhaig vt supra §1. 23 Mart.]

2. Bairrfhionn Mittine *m* Muireadhaigh *m* Domhnaill *m* Laogaire *m* Eathach a quo Ui Eathach Muman *m* Cais *m* Cuirc *m* Luighdeach *m* Oilealla floinn bicc *m* Fiacha muillethain *et cetera*.

Videtur esse qui colitur in Inis Doimhle 30 Januarij.

2*a*. [S. Carthach epscop *m* Aongasa *m* Natfraoich, Vita Kierani Sagiren. Colitur 5 Martij, eodem die cum suo magistro]

3. Corbmac ua Liathain *m* Dioma *m* Comain *m* Connmaigh *m* Congail *m* Coirbre *m* Sionaigh *m* Eathach liathain a quo uí Liatháin *m* Daire cearba *m* Oilealla floinn bicc

m Fiacha muilleathain *m* Eoghain moir *m* Oilealla oluim *et cetera.*

Abbas Dermagh. 21 Jun.

3*a*. [CORBMAC, CULAN, BECCAN, BUADAN, DIARMAID 7 EIMHIN clann Eoghain *m* Murchadha *m* Muireadhaigh vt supra, vide Beccan §1*a*. Vide de hoc Cormaco ad 13 Dec.]

3*b*. [CORMACUS rex Momoniae in Vita S. Malachiae. Cormac ua Cuilennan. 903. 14 Sep.]

3*c*. [COLMAN UA LIATHAIN doctúir eagnaidhe 725 obijt]

4. COLMAN Cille Clettig *m* Eathach *m* Dearcain *m* Colaim *m* Cronain *m* Aongasa *m* Naidfraoich *m* Cuirc .i. Conall *m* Luighdeach *m* Oilealla floinn bicc *et cetera.*

6 Sep.

5. COLMAN AN CHRABHAIDH *m* Seachnasaigh *m* Fingin *m* Aodha duibh *m* Criomhthainn *m* Fedhlimidh *m* Aongasa *m* Naidfraoich *m* Cuirc *m* Luighdeach *m* Oilealla floinn bicc *m* Fiacha muilleathain *m* Eoghain moir *m* Oilealla oluim.

Ab Lothren, obijt an. 708.

6. COLMAN *m* Aonghasa *m* Naidfraoich *m* Cuirc *m* Luighdeach *m* Oilella floinn bicc *et cetera.*

O Doire eidir Osraighe 7 Eile, 20 Maij et 3 Julij.

7. COLMAN *m* Luighdeach *m* Aongosa *m* Naidfraoich *et cetera.*

Vide an sit qui in Doire Bruchais seu Cluain Brucais colitur 12 Jul.

8. CUIMIN FODA *m* Fiachna *m* Fiachrach gairine *m* Duaich iarlaithe *m* Maine *m* Cairbre *m* Cuirc *m* Luighdeach *m* Oilella floinn bicc *et cetera.*

Episcopus Cluainfert o Druim dá Liter, 12 Nou.

8*a*. [CULAN *m* Eoghain vt supra in Cormaco, 18 Feb.]

9. Dalbhach Cúile Colluinge *m* Branduibh *m* Síorlúthaigh *m* Feargna *m* Donnáin *m* Dioma *m* Oilella tasaigh *m* Eathach liathain *m* Daire cearba *m* Oilella floinn bicc *et cetera.*

23 Octob.

9*a*. [Diarmuid, Eimhin, Culan, Beccan 7 Buadan clann Eoghain *m* Murchadha *m* Muiredhaigh, 15 Jan. Vide Corbmac supra]

10. Fedhlim .i. rí Muman 7 angcoire fa dheoidh iar mbeith seacht mbliadna san righi *m* Criomthainn *m* Duibh da crioch *m* Colmain *m* Seachnasaigh *m* Fingin *m* Aodha duibh *m* Criomhthainn *m* Fedlimidh *m* Aonghasa *m* Naidfraoich *m* Cuirc *m* Luighdeach *m* Oilealla floinn bicc *et cetera.*

28 Aug. Obijt an. 845.

10*a*. [Emhin *m* Eoghain. Vide Cormac supra. O Ros Glas na Muimnech ar brú Berba, 22 Dec.]

11. Foirceadal Easpacc a cCill Tidill *m* Tail *m* Deaghadh *m* Cuirc darbh ainm Conall *m* Luighdeach *m* Oilealla floinn bicc *et cetera.*

12. Faolan Amhlobhar *m* Aongasa *m* Naidfraoich *m* Cuirc *m* Luighdeach *m* Oilealla floinn bicc *m* Fiacha muilleathain *m* Eoghain moir *m* Oilealla oluim.

Abbas de Rath Eirenn a nAlbain, 20 Junij.

13. Fionan Droma Habrad *m* Garbhain *m* Amhalghadha *m* Enna a quo uí Enna *m* Oilealla *m* Naidfraoich *m* Cuirc *m* Luighdeach *et cetera.*

13 Feb. alias 8 Dec.

14. Faithleann *m* Aodha damhain.

Diaconus, 5 Sep. 4 Junij.

15. Goban fionn *m* Luighdeach *m* Dallain *m* Coirpre

caoil *m* Eathach liathain *m* Daire cearba *m* Oilealla floinn bicc *et cetera.*

30 Maij, aliter 6 Dec.

16. Lughaidh o Druim Inescclainn *m* Aonghasa *m* Naidfraoich *m* Cuirc *m* Luighdeach *et cetera.*

2 Nou.

17. Mac Tail Cille Cuilinn .i. Aonghas *m* Eathach *m* Dearcain *m* Colaim *m* Cronáin *m* Aongasa *m* Naidfraoich *m* Cuirc *m* Luighdeach *et cetera.*

11 Junij.

18. Naaile ó Inbear Náaile *m* Aongasa *m* Naidfraoich *m* Cuirc *m* Luighdheach *et cetera.*

Natalis. 27 Januar.

19. Ruadhan Lothra *m* Feargosa birn *m* Eathach *m* Dearduibh *m* Daire cearba *m* Oilealla floinn bicc *et cetera.*

15 Apr.

20. Sineach inghen Fergna *m* Bearaigh *m* Bearchain *m* Cobhthaigh *m* Breacain *m* Deaghadh *m* Daire cerba *m* Oilealla floinn bicc *et cetera.*

O Chruachán Muighe Abna a cCaonraige Luachra a nEoganacht Caissil, 5 Oct.

CAP. XXXV.

DO NAOMHAIBH SLEACHTA CORBMAIC CAIS MEIC OILLEALLA OLUIM

1. Aodhan Clúana Domhail a nAlmain *m* Toirrdhealbhaigh *m* Cathail *m* Aodha caoimh *m* Conaill *m* Eathach baillderce *m* Cairthinn finn *m* Bloid *m* Cais da ngoirtí Tál *m* Conaill eachluaith *m* Luighdeach menn *m* Aonghasa tírigh *m* Fir cuirb *m* Modha cuirb *m* Corbmaic cais *m* Oilealla oluim *m* Modha nuadad *m* Modha néd *et cetera.*

2 Junij.

2. Breacan Airne *m* Eathach baillderce *m* Cairthinn finn *m* Bloid *m* Cais *m* Conaill eachluaith *et cetera.*

12 Oct. et 1 Maij. Colitur in Kill Bhrecain in Tuamonia.

3. Cumaoin cadhan *m* Cronncon *m* Ronain *m* Eathach baillderce *m* Cairthinn finn *m* Bloid *m* Cais *m* Conaill Eachluaith. Eanach Duibh for bru Sionna a chill. As ann do bearrtaoi fuilt ríogh Dál cCais iar ngabháil giall Caisil dó 7 dfiachaibh air a each 7 a earradh dfágbháil ag comharba na cille.

1 Junij, vel 22 Aug.

4. Comhdan Glinne Huissean .i. Diarmaid *m* Diarmada *m* Deghadh *m* Temnen *m* Fir cuirb *m* Modha cuirb *m* Corbmaic cais *m* Oilella oluim *et cetera.*

27 Feb., M. Tam., Aen. Mar., Aen. Auct., et M. Cassel. dicens quod Ceann Ionnais sit nomen loci vbi eius sit ecclesia.

5. Dioma dubh *m* Aongasa *m* Cairthinn finn *m* Bloid *m* Cais *m* Conaill eachluaith *et cetera.*

6 Januar.

6. Flandan ó Chill Dalua *m* Toirrdealbhaigh *m* Cathail

m Aodha caoimh *m* Conaill *m* Eathach baillderce *m* Cairthinn finn *et cetera.*

18 Decem.

7. Fedhlimidh inghen Aonghasa *m* Aurclosaigh *m* Ailgeanaigh *m* Toirrdealbhaigh *m* Cathail *m* Aodha caoimh *m* Conaill *m* Eathach baillderce *et cetera.*

11 Januar.
Vide Colman mac ua Cluasaigh, 661.

8. Fraochnaid inghen Dúnain derce *m* Maoilfionain *m* Earcbroin *m* Beochuill *m* Cuindealccaigh *m* Onchon *m* Maoilfithrigh *m* Fechin *m* Roishin *m* Colmáin *m* Faolchon *m* Loairn *m* Ruaidh *m* Cais *m* Conaill eachluaith.

9. Liadhain inghen Diarmada *m* Duaich *m* Cairthinn *m* Bloid *m* Cais *m* Conaill eachluaith *et cetera.*

11 Aug. Colitur in ecclesia de Kill Liadhuin pro[pe] Sagir vbi eius filius S. Kieranus fuit abbas, et in alia ecclesia sui nominis in diocesi Luanensi in regione de O cCassin. Vide Vita S. Kierani, Capp. 1 et 7.

10. Martan *m* Duainin derce *m* Maoilfionain *m* Earcbroin *m* Beochuill *m* Cuindealgaigh *m* Onchon *m* Maoilfithrigh *m* Fechin *m* Roishin *m* Colmain *m* Caolcon *m* Loairn *m* Ruaidh *m* Cais *m* Conaill eachluaith *et cetera.*

Episcopus.

11. Mainchin Luimnigh *m* Sedna *m* Cais *m* Conaill eachluaith.

Episcopus Lumricensis, Lumrici 29 Dec.

12. Maclaisre easbacc *m* Conaill eachluaith *m* Luighdeach menn *et cetera.*

12 Sep.

13. Molacca Saingil *m* Fionain *m* Eathach *m* Ailgheanaigh *m* Toirrdhealbaigh *m* Cathail *m* Aodha caoimh *m* Conaill *m* Eathach baillderce *et cetera.*

13 Aug. Vide Supplem. V. S. Senani Cap. 43 vbi videtur dici coli in Inis Tiprad.

14. Ronaid inghen Aongasa *m* Aurclosaigh *m* Ailgeanaigh *m* Toirrdealbaigh *m* Cathail *m* Aodha caoimh *m* Conaill *m* Eathach baillderce *et cetera.*

5 Aug. in Kill Rath dioces. Laon.

15. Saran do bhennaigh a tTigh Sáráin a nDealbhna *m* Brogain *m* Comhgaill bric *m* Blaid *m* Sighe o nabar Inis Sighe 7 Magh o Sighe *m* Aindelaig *m* Bicc *m* Baodain *m* Dealbaoith *m* Cais .i. Tal *m* Conaill eachluaith *m* Luighdeach menn *m* Aonghasa tirigh *m* Fhir cuirb *m* Modha cuirb *m* Corbmaic cais *m* Oilella oluim *m* Modha nuadhait *m* Modha néid *et cetera.*

20 Januar. vel 22 Oct.

CAP. XXXVI.

DO SLIOCHT CEN MEIC OILELLA OLUIM

1. Aodhan Boithe Meadhbha a cCiannachta *m* Fionntain *m* Cinnbarca *m* Conaill *m* Sabharnaigh *m* Fionnchaoimh *m* Féce *m* Fionncadha uallaigh *m* Connla *m* Taidhcc *m* Cen *m* Oilealla oluim *et cetera.*

2. Bracan *m* Erc *m* Coluim *m* Sabornaigh *m* Iomdain *m* Fionnchadha uallaigh *et cetera.*

Videtur idem cum S. Brecano sequenti § 3 cum genealogia pene tota sit eadem.

3. Breacan *m* Cinnbharca *m* Erc *m* Coluim *m* Sabornaigh *m* Iomdhain *m* Fioncadha uallaigh *m* Connla *m* Taidg *m* Cén *m* Oilealla oluim *et cetera.*

4. Benen sailmcetlaidh Patraig easpacc 7 priomhaidh iaramh *m* Sescnen.

4*a*. [Benen eile brathair Ceithigh]

4*b*. [Matona deirbshiur Benen]

5. Buite Mainistreach *m* Bronoigh *m* Baloir *m* Cais *m* Niadh *m* Airmeadhaigh *m* Feargosa *m* Fionnchaoim *m* Fecc *m* Fionnchadha uallaigh *m* Connla *m* Taidhg *m* Cen *m* Oilealla oluim *et cetera.*

7 Decemb.

6. Bricin Tuama Dreaccon *m* Caoil *m* Cuirc *m* Temene *m* Taidhg *m* Cen *m* Oilealla oluim *et cetera.*

6*a*. [Ceitheach epscop o Chill Garadh a crioch Ua Maine 7 o Domnach Sairighe a cCiannachta ag Damhliag Cianain. Do Chiannacht dho]

7. Cronan *m* Odhrain *m* Aimhirghin *m* Fuiricc *m* Olcon *m* Amhraith *m* Ele righdercc *m* Erc *m* Sabarnoigh *m* Fionncaoimh *m* Fécc *m* Fionnchadha uallaigh *m* Connla *m* Taidhg *m* Cén *m* Oilella oluim *et cetera.*

8. Crumaoine Leacon *m* Corbmaic *m* Baodain *m* Erc *m* Fiachrach *m* Muireadhoigh *m* Taidg *m* Cén *m* Oilealla oluim *et cetera.*

9. Cianan Daimhliacc *m* Sedna *m* Treana *m* Tighearnoigh *m* Fionncaoimh *m* Fécc *m* Fionncadha uallaigh *et cetera.*

10. Eolach Droma Cóasa a cCiannachta *m* Camain *m* Cinnbarca *m* Conaill *m* Sabharnaigh *m* Fionncaoimh *m* Fécc *m* Fionncadha uallaigh *et cetera.*

11. Eloir Innse *m* Fionntain *m* Cinnbarca *m* Conaill *m* Sabharnoigh *m* Fionncaoimh *m* Fécc *et cetera.*

12. Fedhlimidh *m* Deaghadh *m* Taidhg *m* Cén *m* Oilella oluim.

Multa desunt in hac genealogia.

13. Fionan lobhar *m* Conaill *m* Eathach *m* Taidhg *m* Cén *m* Oilealla oluim.

Multa et in hac desunt.

14. Fionntan Droma Hing *m* Eoghain *m* Catain *m* Fearghosa *m* Fionncaoimh *m* Fécc *m* Fionnchadha uallaigh *et cetera.*

15. Luaithrionn inghen Cholmain *m* Failbe *m* Fionnlatha *m* Dala *m* Drona *m* Suail *m* Fidhén *m* Fiodhchuire *m* Airt cuirb *m* Fir da corb .i. Nia corb *m* Luigh a quo Luighne *m* Corbmaic Gaileng *m* Taidg *m* Cén *m* Oilealla oluim *et cetera.*

16. Mac Cuilinn da ngoirti Cuindidh *m* Cathmodha *m* Cathbadha *m* Catain *m* Feargosa *m* Fionncaoimh *m* Fecc *m* Fionnchadha uallaigh *et cetera.*

16*a*. [Cruimther Nathi *m* Conamhuil (*m*) Airtchirb nó *m* Neill *m* Fionnbairr *m* Fiodchuire *m* Airtchirb do Luighnibh Connacht]

17. Tola o Dhisert Tóla *m* Duncadha *m* Ernbhroin *m* Garbhain *m* Seanaigh *m* Muireadhaigh *m* Talghluinn *m* Broccain *m* Corbmaic *m* Taidhcc *m* Cen *m* Oilealla oluim *et cetera.*

18. Ulltan *m* Bruidghe *m* Ernain *m* Garbháin *m* Seanoigh *m* Muireadhoigh *m* Talgluinn *m* Broccain *m* Corbmaic *m* Taidhg *m* Cén *m* Oilealla oluim.

CAP. XXXVII.

DO SHLIOCHT LUIGHDEACH LAGHA 7 DO SLIOCHT AONGASA MEIC MODHA NUADHAT

1. Fursa *m* Fionntuin *m* Fionnlogha *m* Luachain *m* Logha lágha *m* Modha nuadhait *m* Modha néd *et cetera.*

Vide Cap. 25 §3 vbi aliter traditur eius genealogia, sed videtur diuersus.

2. Brighit ingen Lenene *m* Ganncon *m* Donala *m* Conamhla *m* Colcca *m* Cronnmaoil *m* Ailt *m* Aonghasa *m* Modha nuadhat.

6 Martij in ecclesia de Kill na nIngean in regione de Huibh Briuin Chualann.

3. Colman Mitine *m* Lenine *m* Gannchon *m* Donala *m* Conamhla *et cetera.*

O Cluain Uamach a nUibh Liatháin.

4. Druighean inghen Lenine *m* Ganncon *m* Donala *m* Conamhla *et cetera.*

6 Martij. Vide Brigid supra §2.

4*a*. [S. Foillanus episcopus et martyr frater Fursaei, 31 Octobr.]

5. Luigen 7 Luiceall di inghin Lenine *m* Gannchon *m* Donala *et cetera.*

6 Martij. Vide Brigid §2.

6. Macha ingean Lenine *m* Gannchon *m* Donala *et cetera.*

6 Martij. Vide Brigid §2.

7. Riomhtach inghen Lenine *m* Gannchon *m* Donala *m* Conamhla *et cetera.*

6 Martij. Vide Brigid §2.

8. Mothemhneocc .i. coicc Molua Cluana Ferta *m* Cearbain *m* Luighdeach *m* Temin *m* Temnen *m* Seanaigh *m* Cearda bicc *m* Cearttroige a quo Cearttroighe Tolcha Gosa *m* Tigernaigh *m* Oilealla oluim *m* Modha nuadat *et cetera*.

23 Decem., sed 24 iuxta Marian. Gor.

8*a*. [Ultan frater S. Fursei]

CAP. XXXVIII.

DO SHLIOCHT LUGHADH MEIC ITHE

1. Beoaidh Arda Carna *m* Olcain *m* Comain *m* Maithine *m* Triuin *m* Eathach cinnrethe *m* Conaill *m* Treana *m* Duaich *m* Maicniadha *m* Meiccon .i. Lughaidh *m* Maicniadha *et cetera* [*m* Luigdeach *m* Daire *m* Fir uillne *m* Diotbuilg *m* Uillne *m* Eadhamrach *m* Deagadh deirg *m* Deirgtine *m* Nuadat airgtigh *m* Lactaine *m* Logha feidhligh *m* Eiriomhóin *m* Adhamháin *m* Gossa *m* Sin *m* Maithsin *m* Logha *m* Eadhamuin *m* Máil *m* Luigdheach *m* Ithe *m* Breogain *et cetera*]

8 Mart. Quattuor Magistri ad annum 523: S. Beoadus siue Beatu episcopus de Ard Charna obijt 8 Martij.

2. Brandabh easbacc *m* Maonaigh *m* Coirill *m* Fiachna *m* Rosa *m* Erc *m* Treana *m* Duaich *et cetera.*

3 Junij, Aong. Auc. ubi vocatur Brandub ua Trianlugha .i. ua Lughadh Miccon.

3. Casan 7 Cailcin da mac Maonaigh *m* Coirill *m* Fiachna *m* Rossa *m* Erc *m* Treana *m* Duaich *m* Maicniadha *m* Meiccon *m* Maicniadha *et cetera.*

28 Martij vel 4 Junij.
29 Octob. alij 25 Julij.

4. Coluim *m* Flannain *m* Branduibh *m* Nathi *m* Aongasa builcc *m* Maicniadh *m* Meiccon .i. Lugaidh *m* Maicniadh.

15 Maij, alij 29 Sep.

5. Elltine [o Cinn Saile] *m* Flannain *m* Branduibh *m* Nathi *m* Aongasa builcc *m* Maicniadh *m* Meiccon .i. Lughaidh.

11 Dec.

6. Fachtna *m* Maonaigh *m* Cairill *m* Fiachna *m* Rosa *m* Erc *m* Treana *m* Duaich *et cetera.*

O Ros Ailithir sa Mumhain, 14 Aug. O Dairinis a nAoibh Cinnsealaigh.

7. Lochan a nUibh Eathach 7 Lughna da mhac ele Mhaonaigh *m* Cairill *m* Fiachna *m* Rosa *m* Erc *et cetera.*

31 Dec. Est Lugna diaconus.

8. Mainchin 7 Molua dias oile do cloinn Mhaonaig *m* Cairill *m* Fiachna *m* Rossa *m* Erc *et cetera.*

1 Maij, alij 12 Nou.
15 Octob., alij 21 Dec.

9. Mochonna *m* Flannain *m* Branduibh *m* Nathi *m* Aonghasa builcc *m* Maicniadh *m* Meiccon .i. Lughaidh *m* Maicniadh *et cetera.*

7 Junij, alij 30 Octob.

10. Siollan easbacc *m* Failbe *m* Laidhcinn *m* Fiacha *m* Sgeallain *m* Erc bhicc *m* Eoghain *m* Conaill claoin *m* Geráin *m* Duaich *m* Maicniadha *m* Meiccon *et cetera.*

Sillanus episcopus Lismorensis, 21 Dec.
Sillanus episcopus Glenndalacensis, 10 Februarj.

[Finis ar a bfuaradar na seanchuidhe do naomhaibh Eiroinn le a leanmhuin go a mbunadhus]

—24 P 33.98—

APPENDIX I

Criticism and Reply

APPENDIX I

(*R.I.A. manuscript* 24 P 33.215)

Do Phrovinsial na mbráthar nEireannach dord S. Froinsias.

A athair onóraigh,

Ar mbeith don bhráthair Míchél O Cléirigh san ríoghacht sa na hEirenn ag sgríobhadh a bfuair do sheanchus naomh 7 ríogh Eirionn do chuir roimhe donóir na ríoghachta na leabhair do sgríobh do bhreith cruthuighthe leis amaille re haprobation egluisi 7 aois ealadhna. Ar ccosg a chíocruis do thoil gach aoin dfagháil cuid díobh nár léigh a leabhair agus cuid eile do léigh cuid díobh tarla go bfuarusa gach cúis do na cúisibh [1] i nar ndiaigh go neimhdhlisdenach aige dar lem féin do bhrígh nach bfuil leabhair ar bioth ag teacht leo ionnus gurbh éigin damh ar an adhbhur sin gairm tar ais sul do ghluais an leabhar [2] as Eirinn do dhénamh ar chuid do na lámhaibh bhaoi ar an aprobation 7 dullmhaighes fós an chúis do chur ar siobhal déis imtheachta an bhráthar san ccaibidil ghenerálta bhaoi a tTuadhmhumhain san mbliaghain 1638. Táinig Mac Bruaidedha an tan soin 7 do ghoir go puiblidhe a lámh ar ais 7 do sgríobh Flann Mac Aodhagáin (sul dimigh an bráthair) chugainn go Baile Atha Cliath 7 do ghoir a aprobation féin mur an ccédhna go beith do na cúisibh i nar ndiaigh réidh 7 atáid aca san a Labháin dá ccur ar a naghaidh mur so. Dá bhrígh sin a athair onóraigh as é ní aitchim oruibh más éidir libh ó dhlighedh umhlacht do chur ler ccumhachtaibh [3] ar an obair go Lobháin 7 gan a léigen [4] ar a haghaidh go tabhairt na cúisi i nar ndiaigh do láthair Brian [5] Mic Aodhagáin 7 dhaoine foghlumtha eile 7 gibé modh ar a bfaicfidher dhóibh go sgríobhthur ionann [6] é re breitheamh na cúisi 7 as deimhin go nguidhfidh oroibh do shíor bhur mbochtchara ionmhuin

TUILEGNA O MAOLCHONUIRE.

Variant readings from 24 P 24.177.

[1] cúig cúisibh.
[2] bráthair.
[3] le bhur ccumhachdoibh féin.
[4] gan chead a léigion.
[5] ndiaigh uile do láthair an athar Briain.
[6] anond.

Nóta athchumair ar gach ní dár thionnsguin an bráthair Míchél O Cléirigh do sgríobhadh ina ttuigfidhe letrom claonadh senchusa brég nó dermad a naghaidh énduine dEirinn 7 go háiridhe Connocht ar na sgríobhadh 7 ar na ghairm ar ais anois gach ní dhíobh nach bfuil fírinne shenchusa dhá chruthughadh do budh cúis mhasla do shenchadhaibh Eirionn 7 do gach druing oile re mbenann an chúis.

1. An cédní mur a nabair (a Senchus na Naomh san Réim Ríoghraidhe san Leabhar Gabhála agus san Leabhar Iris et cetera) do sgríobh sé gurab mac do Bhres dar bhráithre Nár 7 Lothar clann Eachach Fheidhligh Lughaidh Shriabhnderg. Atá sin a naghaidh leabhar Eirionn óir foillsighidh an uile leabhar senchuis sgríobhus ar an bponc sa nach fes go haonaránach cia dhíobh [1] dar mhac an Lughaidh romhuinn. Tig an tairdeasbog Flaithrí O Maolchonaire na chroinic 7 Doctúir Céiting [2] leis an ccédfaidh ndeighenaigh maille [3] cruthughadh na seinleabhar.

2. Gurab ag Eochaidh Muidhmhedhón rí do sgarsad na trí Connachta re clanna [4] Néill. As amhlaidh sgríobhus leabhair Eirionn so gurab ag an Eochaidh céadna sgaraid so re roile [5] 7 as fíor an chédfaidh dheighenach óir do ba derbhráithre dároile Brian an sinnser Fiachra o bhfuilid na teora Connachta 7 Niall ó bhfuilid clanna Néill 7 mur sin an mhéid nach ó Niall (bhaoi ní budh óige iná cechtar díobh) tángadur a ngeinemhain ní héidir crann do dhénamh dhe orra re sgarfaidís nó dá mbenfaidís acht as oirchesaighe a sgaradh nó a ttegmháil araon dá nathair ar gach taobh.[6] Atáid na seinleabhair ag teacht leis an ccédfaidh ndeighenaigh. Atá an tairdeasbog Flaithrí 7 Doctúir Kéiting. Atá leabhar [7] an bhráthar Míchél féin go huilidhe ag teacht leis mar a sgríobhann daoine do sgaradh re roile acht an ponc so amháin.

3. Gurab rígh [8] go bfresabhra a bhfuil o Mhaoilseachloinn Mhór anuas an mhéid ro ghabh cennas Eirionn go Gabhaltus Gall 7 gurab amhlaidh gairmthí [9] rí go bfresabhra .i. dá madh do leith Cuinn dó leth Cuinn do bheith aige go hiomlán 7 cúigedh do leith Modha. Mur an cédna dá madh do leith Modha dhó leith Modha do bheith aige go hiomlán 7 cúigedh do leith Cuinn. As iomdha résún ní áirbhim leabhair ag techt a naghaidh an phuinc si. Oir as follus [10]

---

[1] haonarach cia dhíobh Bres Nar no Lothar.
[2] Ceiting ina chroinic.
[3] amaille le.
[4] clannaibh.
[5] roile nó theccmhoid dároile.
[6] do gach taoibh.
[7] atáid leabhair.
[8] ríogha.
[9] do gairmthí.
[10] an chéidrésún is follus.

nach mur sin do bhíodh ríogha go bfresabhra óir adeir Uiraiceacht Bheg (leabhar Féineachuis) go ngoirfidhe rí Eireann go bhfresabhra muna mbeith acht énchúigeadh dEirinn aige 7 lorg a shluaigh do thabhairt as gach cúigeadh eile dEirinn. Adeir Uiraicecht Chaol leabhar oile Féineachuis go ndiongna [1] freasabhra dhe dá mbeith Eire uile aige 7 [2] dún nó baile do ríoghbhailtibh Eirionn do bhuain de nó do chonnmháil uaidh. Neimhionann sin 7 an chúis romhuinn 7 as mó go mór bhaoi cúrum an neithe [3] sí ar an bFéinechus iná ar an Senchus óir as déis na cúisi do bheith réidh ó dhligheadh do budh cóir don tsencha a sgríobhadh an mhéid gur cúis imresna í. Ar an adhbhur sa nír chóir fresabhra go haonaránach do chur mur thioduil [4] ós cionn na ríogh romhuinn 7 gan é ar énrígh rompa 7 gibé do dhénadh lorgaireacht nár chóra cuid do na ríoghuibh deighencha sa do bheith go bfresabhracht iná do na ríoghaibh rompa 7 má tá go ttuigfedh an léughthóir freasabhra [5] orra ar [6] gach taobh a mórán dáitibh nír sgríobhadh mur thioduil [7] ós cionn flaithis énrí an focal as fresabhra roimh an mbráthair si.

4. Adeir nach raibh Toirrdhealbhach Mór O Conchubhair acht fiche bliaghain na rígh Eirenn go bfreasabhra. Atá Leabhar Chluana mac Nóis Leabhar Chluana hEidhneach Leabhar Leacain Leabhar Chluana Plocáin 7 urmhór [8] leabhar Eirionn dá dheimhniughadh go raibhe caoga bliaghain na righ Eirionn 7 ní sgríobhuid fresabhra [5] air. Tig Donnchadh Bán O Maolchonaire leis so (san duain darab tosach *Eisdigh a eigsi Banbha*) mur so

Dhá fhichead bliaghain becht linn
sa [9] deich leó luaidhim
do bhí Toirrdhealbhach go tenn
na rígh ós fheroibh Eirenn

Fós as urusa a chruthughadh nach raibhe (do réir mur sgríobhus an bráthair freasabhra) Toirrdhealbhach Mór go bhfresabhra [5] óir cruthuighid na leabhair romhainn go ndeachaidh an rí Toirrdhealbhach 7 Laighnibh [10] maille ris go Muimhneachuibh gur ghabh a neart 7 gur oirnn dhá rí orra .í. rí don taoibh theas 7 rí don taoibh thuaidh 7 gur thill an rí go mbuaidh ccosgair iar sin 7 ar mbeith mar sin dó

---

[1] ndiongnadh.
[2] 7 *om.*
[3] na cúisi.
[4] thiodal
[5] freasabhracht
[6] do
[7] mur thioduil *om.*
[8] amaille ré hurmhór.
[9] as a.
[10] Luighnigh.

táinig sgéula chuige gur fhás cogadh eidir Mhuimhneachaibh 7 gur marbhadh rí Desmhumhan ionnus gurbh éigin don rí Toirrdhealbhach dol go leith Modha an dara feacht 7 ríghthe doirdneadh ar dhá chúigedh Mumhan ionnus mur sin go raibhe leth Modha uile aige 7 ar mbeith go bfreasabhra [1] do réir an bhráthar bhaoi leth Cuinn aige uile 7 ní fhuil conntobhairt go raibh leth Modha fa na smacht [2] 7 mur sin do réir an bhráthar féin as rí [3] gan fhreasabhra é.

5 Adeir go raibh cíos ag O nDomhnoill a cConnachtuibh. Cuirim a ccás go mbeith cíos cosanta a mbloidh do Chonnachtuibh aige 7 gan tuaith ná tigherna dá chengal go síordhaidhe dó masedh nír mhasla don chuid eile do Chonnachtuibh sin 7 nírbh oircheas a sgríobhadh ar mhodh go ttuigfidhe cuid ar bith do bheith ag an muinntir nár gheall é dhe. Finis.

Freaccra do chum an leicchtheora[4]

Foillsighim dhaoibh a léightheóir [5] go ttugus éisdeacht [6] re haimsir nimchéin don bhráthair Tuilegna O Maolchonaire gan fhregra do thabhairt air a cceithre poncoibh dár thrácht a naghaidh an bhocht-bhráthar Míchél O Cléirigh um aghaidh si 7 a naghaidh deisi deighshenchadh oile (Cúcoiccríche O Cléirigh 7 Cúcoiccríche O Duibhgeannáin) ga [7] mbadur san 7 meisi ag congnamh le Míchél an mhéid fhoillseóchum síosana do na leabhraibh ro ghabh re a ais do sgríobhadh diomlánadh 7 do chur le chéile eidir bhuga 7 chruas do réir ar ccumhuing mur atá urmhór Naoimhshenchuis Eirionn go na Réim Ríoghraidhe Gábhaltus Eirenn go hiomlán ó bheagán daimsir ria ndílinn go flaithes Ruaidhrí mheic Toirrdhealbhaigh Mhóir I Chonchubhair (rí Eirionn go bfresabhra) agus leabhair [8] Annála 7 Irisi Eirionn ón mbliaghoin do chéadaois an domhain tionnsguintear ann gusan mbliadhainn 1333 7 gan bheith [9] go coitchionn dhúinn an ceathrar sa dfiaghnuibh ar éinní dár tráchtadh isin leabhar Irisi [10] ó sin síos.

Tuig a léightheóir gurab eadh fadeara dhamh éisdeacht riú mur

[1] bfreasabhra dhó.

[2] smacht mar adubhramar.

[3] rí Eirionn.

[4] Fregra ar an tagra ós ar ccionn do chum an léghthóra.

[5] léghthóir ionmhoin.

[6] éisteacht fulang 7 foighide.

[7] gá.

[8] leabhar.

[9] go bliadhoin éitseachta Aodha mhic Domhnoill óig Uí Dhomhnoill tighiorna [Cenéil] Conoill 7 gan bheith.

[10] iris.

sin gur shaoileas ó thús [1] iar na cclos nach léigfidhe ós aird go puiblidhe [2] iad coimhéuttrom 7 do léigedh nó go ccuirthí féuchain go deiscréideach orra do láthair dhaoineadh ttromdha deagluis 7 dealadhuin dfios an molfaidhe nó an ndiommolfaidhe a léigen ar a naghaidh.[3] Do bhadhusa mur so ag éisdeacht riú go gairm ar an ccúis go caibidil ghenearáilte uird S. Froinsias a mBuailtibh Farannáin [4] an bhliaghain si 1641 go ndechusa 7 mo chomthach coimhealadhna 7 comhoibrighthe Cúchoiccríche O Cléirigh gusan ccaibidil si iar nar ngairm cuice 7 go ttáinic Tuileagna mur an ccédhna. Gá ttú acht mur nár mhaith [5] lemsa éiccert follus do dhul ós aird ar aon don chineadh dá bfuil sean foillsighim go bráthardha fircheart na cúisi go deiscréideach dhó re ndul dá haighneas [6] do láthair a breithemhnais. Tugus mar chomhairle dhó go fiadhnach éisdeacht ris an cceirtshenchas do thrácht Míchél gona chomhoibrightheóiribh tre dhá adhbhur ionnus go ccuirtí ar a aghaidh é 7 a phuinc chethardha do ghairm ar ais nó do dhíchleith as nach beithdís na siocair imresna o sin amach eidir uaislibh: 7 mar nár ṃhiadh leis comhairle a lesa do ghabháil uaim toghthar linn do thoil aroile daoine tromdha fesa [7] foghlomtha don eglais a mbreithemhnus ar ccúisi do réir mur foillsighid féin a nanmanna ar sgríobhadh a mbreithemhnuis iar naighnes dúinn do gach taoibh na bfiaghnuisi.

Do shaoilesa go deimhin annsin 7 as dóigh gur shaoilsed daoine oile nach léigfeadh Tuilegna iomrádh puiblidhe [8] do dhénamh ar a phoncuibh ó sin amach.[9] Gidheadh as iomráidhtighe go mór ó bhél go bél in gach aird dEirinn iad anois iná roimhe 7 (do bharr ar an ttubuisde) do sgríobh Tuilegna go fiadhnach chugum an dara lá dég dOctober 1646 nach dhá thoil féin do rónsad na bráithre [10] breithemhnus nó ordughadh isin ccúis ccédna ionnus go ttuigim air [11] sin (gibé darab adhnár é) go bfuil sen contrárdha dordughadh na mbráthar gona choingheallaibh ní do bheir orum anois freagra fheasach fhírinneach do réir ar ccédtráchtuigh do thabhairt orra 7 a léigean ós aird ó nach oircheas 7 nach iomchubhaidh lem bheith ag beulaighneas re gach aon fa leith na ttimcheall ionnus go tturnfadh [12] sin maille le toil Dé an tár an tarcuisne 7 an toibhéim do tionnsgnadh do Mhíchél 7 dúinne thrempa 7 do chum go tturnfadh mur an ccédna an fhochain

---

[1] ar tús.
[2] léigfidhe imach.
[3] léigion ós áird co puiblidhe.
[4] mBailtibh Farannáin.
[5] mhiadh.
[6] haighneas dúinn.
[7] feasacha.
[8] iomrádh ar bioth.
[9] as a haithle.
[10] bráithre bochta.
[11] as.
[12] a ndóigh co ttoirnfeadh.

imreasna shíordhuidhe do thiocfadh as a los eidir uaislibh slechta Breis maille re gach diomdha dá mbeith aca do gach taoibh ar an ccineadh cConaireach do tharruing tar ais a ngrádh 7 a ccarthanacht tre fhírcheart na cúise do chruthughadh dhóibh ó aon díobh: 7 mur nár sheachnus féin ná maos cumtha englorg na senchadh suaidhbhésach [1] a ccéadtráchtadh na cúise do chuireas romham anois a cceartlorg do lenmhuin a bfreagra na bponc so mur atá a tráchtadh a mideardhacht tar a tráchtadh a ccomhrádh sgaoilte do bhrígh go bfaicim go follus na ghnáthnós ag senchroinicibh [2] eolcha na hEirionn diaigh a ndiaigh a ttagra 7 a bfreagra do bheith a bfoirm dhána mur so tar a mbeith a bprós.

Tuig a léightheóir gurab éigin damh neithe nuaidhe (bíoth go bfuilid seanda) do tharruing asteach go meinic isin bfreagra thionnsgnuim. Oir gach sreth aighnis éiccirt dár thrácht Tuilegna ina phoncuibh dob éidir gurab éigin mór sreth ccert dfoillsioghadh a naghaidh gach sreithe dhíobh do chruthughadh an chirt 7 do chur an éiccirt ar ccúl ionnus go ttig dhe sin an tesaidhecht shuidhighthe diarrfadh an léightheóir do bheith isna rannaibh si go ccuirther ó chéile í tre éirghe ón sreith críochnuighther dhíobh do chum sreithe eile do fhregra. Gach áit a léghthóir ina mesfaidhther libh an anshocracht shuighidhthe sin do bheith ionnta léigh an ponc dá mbenaid ainnsidhe 7 tuigfe sibh dar ndóigh go mbeid suidhighthe do réir na sreth foillsighther ann.

As fesach dhamh go ttug an bráthair Míchél (Dia do dhénamh trócaire air) fregra iúlmhur fhírfhesach ar phoncaibh Thuilegna roimhe so 7 faríor mar as fonnmhuire le mór ndaoinedh an téiccert do shíoladh eattorra iná an cert as foirleithne fhairsinge saobhphuinc shearbh[a] Tuileagna [3] gá síoladh fo Eirinn iná ceirtfhregra chnesta chéillidhe thromdha thabhachtach an bhráthar orra: 7 do réir mur do chuidigh[ea]sa le Míchél a ccédtráchtadh an mhéide ro ráidhes thuas atá [4] dá leabhraibh atú [ag nertchuidechadh léna fhregra sonna] san lorg ndírech 7 bed rem bheó bíodh nach bfuil a esbaidh uirre gidheadh as feirrde [5] maith a móradh.

Tuig fós a léightheóir gach athais 7 gach imdhergadh dár ullmhaigh Tuileagna ina litir ina nóta 7 ina phoncuibh do Mhíchél gur ullmhaigh an ccédna do gach aon dá chomhoibrightheóiribh bíodh nach ttug ós aird díobh acht eision amháin fo bhíth gurbh [6] ionann

---

[1] suadhamhoil.
[2] seanchadhaibh.
[3] atáid saobhphuinc sherbha Thuilegna.
[4] atá *om.*
[5] acht gur feirrde.
[6] do bhrigh gorob.

aon díobh dainmniughadh a moladh nó a ndiommoladh a saothair 7 a nainmniughadh uile.

Go bfes damh a leightheóir mas fer caomhanta masla senchadh Eirionn Tuileagna (do réir mar adeir ina nóta) as beg nach nár dhó a laige chaomhnus an seinchinedh aosda onórach ealadhanta [1] ór chin féin gá mbíodh cathaoir ollamhnachta Connacht ag gach aon díobh gá ttegmhadh cennus fine do thromdhacht daois 7 dealadhain ón aimsir (beg nach) fár ghabhsad an sloinnedh Conuirech chuca nó gur chlaochlaigh foirnert conquest [2] na nGall onóir uaisleadh 7 ealadhan [3] Eirionn. As deimhin go sgríobhthar a ttiodal Neidhe Conuing Buidhe a athair 7 Thanaigh [4] Eolaigh a shenathar (sa lorg ar a bfuilid clann Uí Mhaolchonuire go coitchionn) go mbaoi ardollamhnacht Eirionn a senchus ag gach aon díobh. As tuigthe do chách nach tiocfaidís na hardollamhuin sin [5] (gan áiremh ar a mbaoi rompa 7 na ndiaigh dá ccinedh gusan aimsir si na ndaoinibh fesacha foghlomtha a senchus) leis na briathraibh si thíos thráchtus leabhar Connachtach dá mesdaois lettrom do bheith do Chonnachtaibh ionnta. Ag so na briathra :

Connachtaigh thra até ad neasa cairdes dUíbh Néill do shaorchlannaibh Eireann et cetera

7 do bhrígh gurab é lorg na nughdar sa 7 gach seanughdair eólaigh le senchus deagluis 7 dealadhain Eirionn go huilidhe do lenadh le Míchél 7 linne san lorg ndíreach isna neithibh le ttángamur do thoil aroile ní héidir má tá lettrom claonadh senchusa brég nó dermad inar saothairne mar adeir Tuileagna nár chruthughadh orra san uile go mbaoi an cédna leó.

Go bfios damh fós as dermadach nár éisd Tuileagna le ceirtshenchus cruthaightheach an bhráthar gona chomthachaibh mur do éisdsiod go heolach an taois ealadhna foghlumtha aosda onórach dár tais[b]énadh é táinic leis 7 do chuir a lámha air mur fhiadhna.

As tuigthe dhaoibh mur an ccédna a léughthóir muna mbeinnsi ar baois nó ar buile nach ttiocfuinn le héiccert do dhénamh ar uasailshliocht Briain mic Eachach tar uaislibh Eirionn 7 go mórmhór Síol cConchubhair gona ttao[i]seachuibh eidir a mbíodh a bhfuil 7 a mbia an cineadh dá bfuilim gá ccothughadh gá ccaomhna 7 gá

---

[1] seinchineadh iúlmhar onórach.
[2] chlaoi foirnert congcuist.
[3] ealadhna.
[4] Chonuing Bhuidhe 7 Thánuidhe.
[5] hardollamhoin úghdardha sa.

The remainder of the prose and the first two stanzas of the poem are omitted in this manuscript.

cconnmháil suas go síordhaidhe amaille le carthanacht éadáil 7 onóir bíodh go mbeithdís maos comtha go coitchionn fonnmhar air mur nach rabhadar 7 nach beithdís choidhche ar chomhuidh ná ar chennach.

Gabhuim ced agaibh budheasta a léughthóir maille le mo thoil do thabhairt do gach croinicidh ceart coinsiasach feasach foghlomtha a senchus seachnóin Eirionn dá bfaicfidhther go cruthaighthech éiccert nó arráid senchuis do bheith isna neithibh thráchtuim síosana mo chertughadh ionnta maille le hughdarrás. Lór de acht guidhim Dia libh 7 atú ag iarraidh bhur nguidhe mur an ccédna. Bhur mbiothchara ionmhuin a léightheóir thuixeanaigh gibé sibh degluis duaislibh nó dealadhain 7 duini darab dúthchus bheith nemhainbfhesach a ttuxin 7 a ttráchtadh senchuis na nGaoidheal

FEARFEASA O MAOLCHONUIRE.

(*Following this introductory statement comes a very lengthy verse reply to four of Tuileagna's objections. Fearfeasa disclaims responsibility for No.* 5 *above. The piece is so discursive, and the points raised and refuted so trivial, that it is not necessary to reproduce it here. The opening line of the piece is* Beag táirthear don tagra mbaoith. *More than half of it is missing in* 24 *P* 33, *and the other manuscript* 24 *P* 24, *which is also defective in places, is dated at the conclusion "Saint Lawrence's Day* 1700.")

APPENDIX II

Translations

THE PEDIGREES OF THE KINGS OF IRELAND

Traced to their tribes of origin, together with the period which each spent in his reign in the sovereignty of Ireland.

THE GENEALOGIES OF THE IRISH SAINTS

As they are found in the books of the old writers, set down in groups according to their descent, in alphabetical order, for the glory of God, the honour of the saints and of the kingdom, and to diffuse knowledge and understanding of these things and of the authors who chronicled the history of Ireland before and after the Faith.

Completed in the Convent of the Friars of Observance of the monastery of Athlone in the Diocese of Clonmacnois

1630.

(*Dedication, pages* 5–6)

TO TOIRRDHEALBHACH MAG COCHLAIN

After the poor Friar Michel O Cleirigh had been four whole years at the bidding of his superiors gathering and collecting all that he could discover of the pedigrees of the saints of Ireland and of the kings from whom they were descended, it occurred to him that it would not be proper to translate that collection into other languages without the authority, confirmation and examination of other learned historians. He knew also that it would not be easy to complete that project without resources; and the Order to which he belonged was so poor by reason of their Vow, as well as of their persecution at this time, that he proposed making an appeal to noblemen who had no Vow of Poverty. Though he made his request of many, he found no one to supply him with the requirements for the completion of this work, except one person who was willing to assist him for the glory of God, the honour of the saints and of the kingdom, and the good of his own soul. And that one person is Toirrdhealbhach Mag Cochlain, the son of James etc., who forwarded this work and kept together the persons who completed it, with the help of all the private assistance which the aforesaid Convent daily gave them.

On the fourth day of October the writing of this book was commenced, and on the fourth of November it was finished in the Convent of these Friars, in the fifth year of the reign of King Charles 1630.

Your loving friends

Brother Michel O Cleirigh
Fearfeasa O Maolchonaire
Cucoigcriche O Cleirigh
Cucoigcriche O Duibhgheannain

(*Address, pages* 7-8)

TO THE READER

What dutiful children are there that would not feel pity and distress at seeing or learning that the mother and nurse who brought them forth and reared them was in disgrace and contempt, in dishonour and contumely, and would refuse to go to her to console and gladden her, and to bring her assistance and relief ? Upon its having been observed by certain members of the dutiful Order of Saint Francis that the holiness and righteousness of their nurse and mother Eire had diminished, because the lives, wonders and miracles of her saints were not disseminated within herself nor in other countries, the counsel they decided upon was to send a poor Friar Minor of their own Order, the Observantines, Michel O Cleirigh, a chronicler by descent and education, to Ireland, that he might gather to one place all the books he could find having any account of the sanctity of her saints, or of their descents or pedigrees. When this friar came he sought and searched every place in Ireland where he heard there was any book good or bad, and he spent four full years in the transcription and compilation of every item that pertained to the saints of Ireland. However, though his labours and trouble were great, he succeeded in recovering only a small number out of the multitude of them, because foreigners had carried away the chief books of Ireland into strange and distant lands and nations, and left to her no amount of her books worth estimating.

